



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

STAIR – ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

An scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

Treoracha d'iarthóirí:

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.
- Roinn 2 (100 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.
- Roinn 3 (200 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá thopaic.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

Éire: Topaic 6

An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

An Chéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) Cad atá ‘an-soiléir ar fad’ i ndoiciméad A?
(b) De réir dhoiciméad A, cad a bheadh mar ‘pholasaí an éadóchais’?
(c) De réir dhoiciméad B, cá lonnaítear tionscail nua go hiondúil?
(d) I ndoiciméad B, cad a dhéanann an lucht oibre oilte go hiondúil?
(20)

2. (a) An léiríonn an dá dhoiciméad go bhfuil fadhbanna an-mhóra roimh gheilleagar na hÉireann?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(b) I bhfianaise na ndoiciméad, an dócha go n-éireoidh le hiarrachtaí tionscail ón iasachta a mhealladh?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(20)

3. (a) An dóigh leat gur scríobhadh doiciméad A lena fhoilsiú ag an am sin?
Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don doiciméad.
(b) An foinse úsáideach staire í tuarascáil J.M. Stevens ar gheilleagar na hÉireann?
Mínigh do fhreagra agus tagairt agat do dhoiciméad B.
(20)

4. Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gCéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963, a chuid aidhmeanna a bhaint amach?
(40)

- Doiciméad A -

Chuir T.K. Whitaker, Rúnaí na Roinne Airgeadais, an meamram seo faoi bhráid James Ryan, an tAire Airgeadais nua, an chéad lá in oifig dó ar an 21 Márta, 1957.

Glactar leis ar gach taobh go bhfuilimid tagtha chuit pointe cinniúnach inár ngnóthaí geilleagracha. Tá sé an-soiléir ar fad nár éirigh leis na polasaithe a leanamar geilleagar inmharthana a chur ar fáil.

Má roghnaímid fanacht ar foscadh i gcónaí taobh thiar de bhac cosantaíoch, ní bheidh i ndán dúinn ach meath geilleagrach agus tiocfaidh deireadh lenár neamhspleáchas polaitiúil. Chiallódh sé sin go nglacaimid leis go gcaithfidh ár gcostais a bheith níos airde i gcónaí ná costais i dtíortha Eorpacha eile, in earnáil na tionsclaíochta agus i gcuid mhór d'earnáil na talmhaíochta.

Polasaí an éadóchais a bheadh sa pholasáí sin. Chothódh sé ollghluaiseacht na n-imirceach as an tír agus chuirfeadh sé dlús léi agus bheadh sé dodhéanta na 26 Contae a chaomhnú mar eintiteas geilleagrach.

Mura méadóimid ár gcuid táirgeachta ar bhonn iomaíoch, beidh teipthe orainn an bonn geilleagrach a sholáthar do neamhspleáchas polaitíochta ár stáit. B'fhearr gníomhú láithreach chun dul ar ais arís sa Ríocht Aontaithe ná fanacht go mbeidh ár meath geilleagrach níos follasaí fós.

Foinse: Luaite in Michael Mulreany (eagarthóir), *Economic Development 50 Years On* (Baile Átha Cliath, 2009).

- Doiciméad B -

Seo sliocht coimrithe as tuarascáil ar gheilleagar na hÉireann ó oifigeach de chuid Bhanc Shasana, J.M. Stevens, a thug cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa, 1957.

Is é an laige bhunúsach a bhaineann le geilleagar na hÉireann go fóill go gcaitear an iomarca ar scéimeanna caipítíl neamhtháirgiúla, go háirithe tógáil, agus nach bhfuil dóthain á caitheamh ar tháirgiúlacht na talmhaíochta.

Tá an iomarca náisiúnachais ann maidir le tionscail a thabhairt isteach ó lasmuigh den tír. Cuirtear fáilte roimh thionscail eachtracha go teoiriciúil, ach tá siad á mbacadh ag an Acht chun Déantúisí do Rialú mar go n-éilítear san acht sin go mbeadh tromlach an leasa i láimha Éireannacha. Míbhuntáiste eile is ea an claoíadh atá ann tionscail nua a lonnú in áiteanna iargúltá sa tír, ar mhaith le difhostaíocht a laghdú.

Ina theannta sin, mar gheall ar an éileamh atá ar lucht oibre sa Bhreatain Mhór, tá sé de nós ag oibrithe maithe oilte as Éirinn dul ar imirce ar an bpointe. Mar thoradh air sin, tá sé de chosúlacht ar an tír gur sluma geilleagrach í agus go bhfuil siad siúd a bhfuil fonn ar bith orthu iad féin a fheabhsú á fágáil go seasta.

Foinse: Luaite in Cormac Ó Gráda, *A rocky road: the Irish economy since the 1920s* (Manchain, 1997).

ROINN 2: ÉIRE

Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1
Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhí ceannaireacht Uí Chonaill freagrach as an rath a bhí ar an bhfeachtas ar son na Fuascailte agus as teip an fheachtais ar son na hAisghairme? (100)
2. Le linn na tréimhse 1845-1849, cé acu ab éifeachtaí, freagairtí an rialtais don Ghorta nó freagairtí príobháideacha don Ghorta? Áitigh do chás, agus tagairt agat don dá cheann. (100)
3. Cad a chuir Charles Kickham agus/nó James Stephens leis an bhFíníneachas? (100)
4. Conas a d'fhorbair féiniúlachtaí cultúrtha agus creidimh in Éirinn, 1815-1870? (100)

Éire: Topaic 2
Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu ba rathúla maidir lena cuid aidhmeanna a bhaint amach, corraíl faoi chúrsaí talún nó stailc agus frithdhúnadh 1913? Áitigh do chás, agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
2. Cad iad na nithe a bhain Edward Carson amach mar cheannaire polaitiúil agus cad iad na teipeanna a bhí aige? (100)
3. Le linn na tréimhse 1870-1914, cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hÉireann: an Ghluaiseacht Vótala; Céadpháirtí Shinn Féin; Óglaigh na hÉireann? (100)
4. Conas a d'fhorbair féiniúlachtaí cultúrtha agus creidimh in Éirinn, 1870-1914? (100)

Éire: Topaic 3
Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht pholaitiúil agus mhíleata a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Éirí Amach 1916; Cogadh na Saoirse; an Cogadh Cathartha? (100)
2. Cad iad na príomhimeachtaí a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932, agus cén tábhacht a bhain léi don eaglais agus don stát? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíochta dhomhanda sa tréimhse idirchogaídil agus/nó an Dara Cogadh Domhanda ar Thuaisceart Éireann? (100)
4. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach le linn na tréimhse 1923-1949? (100)

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a d'fhoghlaim tú faoin imirce as Éirinn ón staidéar a rinne tú ar Grosse Isle? (100)
2. Cad iad na bealaí inar chothaigh an imirce náisiúnachas Éireannach agus/nó an fhéiniúlacht Ultach Albanach agus cé chomh mór agus a d'éirigh léi? (100)
3. Le linn na tréimhse 1920-1966, cad a mheall imircigh Éireannacha chun na Breataine agus cad iad na dúshláin a bhí rompu ansin? (100)
4. Cé chomh mór agus a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le "himpireacht spioradálta" na hÉireann: an tArdeaspag Daniel Mannix; an tEaspag Edward Galvin; an Mháthairab Mary Martin? (100)

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héagsúil agus a bhí Terence O'Neill ón Tiarna Brookeborough mar cheannaire ar Thuaisceart Éireann? (100)
2. Cad ab ea conspóid Ollscoil Chúil Raithin agus cad iad na bealaí ar chuir sí leis an teannas i dTuaisceart Éireann? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le dhá cheann díobh seo a leanas: Comhaontú Sunningdale (1973); an Comhaontú Angla-Éireannach (1985); Dearbhú Shráid Downing (1993)? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar Thuaisceart Éireann, 1949-1993, cad a d'fhoghlaim tú faoi cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: comhcheangal creidimh agus féiniúlacht chultúrtha; éacúiméineachas; Ian Paisley? (100)

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1

An náisiúnachas agus foirmíú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a bhog an Ghearmáin ó Chónaidhm go hImpireacht le linn na tréimhse 1815-1871? (100)
2. Conas a d'fhorbair náisiúnachas sna Balcáin le linn na tréimhse 1815-1871? (100)
3. Cé acu leasaitheoir ab éifeachtaí, Robert Owen nó Robert Peel? Áitigh do chás, agus tagairt agat don bheirt acu. (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na príomhfhurbairtí a tharla san eolaíocht agus sa teicneolaíocht? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2

Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhchúiseanna teannais idirnáisiúnta le linn na tréimhse 1871-1914? (100)
2. Ón staidéar a rinne tú ar an stair shóisialta agus eacnamaíochta, cad a d'fhoghlaim tú faoin tionsclaíocht sa Rúis Shárach agus/nó airgeadh agus luathstair an ghluaiseáin? (100)
3. Le linn na tréimhse 1871-1914, cad iad na fadhbanna a chruthaigh an teannas idir an Eaglais agus an Stát sa Ghearmáin agus/nó Frithsheimíteachas sa Fhrainc? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar an gCéad Chogadh Domhanda, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann acu seo a leanas: túis na troda sa chogadh in 1914; conas a troideadh an cogadh; litríocht an Chéad Chogadh Domhanda? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3

Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na mblianta idirchogaíd, cad iad na tréithe a bhain le réimis fhaisisteacha san Eoraip? (100)
2. Le linn na tréimhse 1920-1939, cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí roimh an mBreatain agus cé chomh héifeachtach agus a déileáladh leo? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi cheannaireacht Stalin ón gcaoi ar láimhseáil sé ceann amháin nó níos mó diobh seo a leanas: an geilleagar Sóivéadach; na seóthrialacha; comhghuaillíochtaí in aimsir chogaíd, 1939-1945? (100)
4. Conas a d'imir forbairtí sa teicneolaíocht tionchar ar an gcogaíocht le linn an Dara Cogadh Domhanda? (100)

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 4
Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair an Cogadh Fuar san Eoraip agus conas a tháinig sé chun deiridh? (100)
2. Cén tionchar eacnamaíochta agus sóisialta a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar an Eoraip: gluaiseachtaí i dtreo aontais Eorpaigh, 1945-1973; Géarchéim na hOla in 1973; an t-athrú ar ról na mban? (100)
3. Cad a chuir Nikita Khrushchev agus/nó Mikhail Gorbachev le gnóthaí Sóivéadacha? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cén tábhacht a bhain leis na hathruithe ar chultúr na hóige agus an phobail choitianta (lena n-áirítear spórt) agus/nó na meáin chumarsáide? (100)

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Mohandas Gandhi agus/nó David Ben-Gurion le gnóthaí a dtíre? (100)
2. Cén fáth ar dhealaigh Katanga ón gCongó agus cén fáth ar tharraing an dealú páirtíochta idirnáisiúnta? (100)
3. An eispéireas dearfach a bhí sa díchoilíniú ó thaobh na n-iarchoilíneachtaí de? Áitigh do chás, agus tagairt agat do dhá cheann nó níos mó de na hiarchoilíneachtaí. (100)
4. Conas a bhí na fadhbanna a tháinig chun cinn sa Bhreatain ilchiníoch agus sa Fhrainc ilchiníoch cosúil le chéile agus cad iad na difríochtaí a bhí eatarthu? (100)

An Eoraip agus an domhan mó: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi agus cén fáth ar tharla sé go raibh na Stáit Aontaithe bainteach leis an gcogadh sa Chóiré agus/nó i Vítneam? (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1989, cé chomh mó agus a bhain an għluaiseachta ar son comhionannas ciníoch athrú suntasach amach sna Stáit Aontaithe? (100)
3. Conas a d'éirigh leis na Stáit Aontaithe tuirlingt rathúil a dhéanamh ar an ngealach in 1969 agus cén tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí inti do na Stáit Aontaithe? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an saol i Meiriceá: Joe McCarthy; Billy Graham; Norman Mailer? (100)

Leathanach Bán